Cáiseanna na hEorpa

Céadar
na hÉireann

Tá níos mó na 100 táirgeoir cáise in Éirinn, idir cháis feirme (lámhdhéanta) ar nós Gubbeen, agus ghnáthcháis ar nós Céadar.

Gouda
na hÍsiltíre

Ó na 1600idí thugadh na feirmeoirí a gcáis chuig an teach meáite i gcathair Gouda leis an gcáis a mheá agus a bhlaiseadh. Tá an nós seo fós ar siúl sa lá atá inniu ann. Is músaem cáiseanna é Waaghaus Gouda anois.

Brie
na Fraince

Is féidir Brie a riar le torthaí mar mhilseog. Go minic tugtar 'Rí na gCáiseanna' uirthi. Is cáis bhog í Brie agus tháinig a hainm ón réigiún Brie de chuid na Fraince.

Emmental
na hEilvéise

Cé gur tháinig Cáis Emmental as an Eilvéis ar dtús an táirgeoir is mó di ná an Fhrainc. Leánn cáis Emmental go héasca agus tá sí oiriúnach mar sin le húsáid in anlann. Tá 450 cáis éagsúla ag an Eilvéis.

Manchego
na Spáinne

Is féidir leat cáis Manchego a aithint leis an bpatrún fiarláin ina craiceann. Tá fianaise de cháis Manchego aimsithe ag seandálaithe a théann chomh fada siar leis an gCré-umhaois.

Parmigiano-Reggiano
na hIodáile

Is í Parmigiano-Reggiano ceann de na cáiseanna is costasaí ar domhan. In 2008, ritheadh dlí gurb í Parmigiano-Reggiano an t-aon chineál cáise Parmasáin ar féidir Parmasán a thabhairt uirthi go dleathach.

An raibh a Fhios agat?

Bíonn féile rolladh cáise ar siúl gach bliain ag Cnoc Copper gar do Gloucester i Sasana. Go traidisiúnta, níor ghlac ach muintir na háite páirt sa rás, ach anois tagann daoine ó gach cearn den domhan le páirt a ghlacadh ann.

Is é a dhéanann iomaitheoirí roth mór cáise a rolladh ó bharr an chnoic agus rith ina diaidh. Is é an sprioc atá ann greim a fháil ar an gcáis, ach de ghnáth gluaiseann sí róthapa le greim a fháil uirthi. Is é an buaiteoir an chéad duine a thagann thar an líne ag an deireadh ag bun an chnoic.

MOO CREW
MÚÚÚINEADH
NA DÉIRÍOCHTA SA BHUNSCOIL

Fíricí Spraíúla!

Is iad seo a leanas fíricí spraíúla maidir le cáiseanna iomráiteacha de chuid na hEorpa. Féach ar **www.moocrew.ie** le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla spraíúla maidir le cáiseanna na hEorpa.

Feta
na Gréige

Mar a tharlaíonn sé, tagann an focal 'Feta' ón bhfocal Iodáilis do 'Fetta', a chiallaíonn slisne. Ceaptar gurb í ceann de na cáiseanna is sine ar domhan. Bhí an ról a bhí ag an bpríomhdhéantóir cáiseanna chomh tábhachtach sin sa tSean-Ghréig mar nuair a d'éirigh an príomhdhéantóir cáiseanna as, bhí comórtas a mhair ar feadh seachtaine leis an duine a tháinig ina áit a aimsiú.

National Dairy Council

FEACHTAS ARNA MHAOINIÚ LE CUIDIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Cheese up your life!

ENJOY IT'S FROM EUROPE